



An Bhruiséil, 18 Nollaig 2025
(OR. en)

17010/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0420 (COD)**

**CLIMA 617
ENV 1417
TRANS 661
MI 1083
COMPET 1377
CODEC 2172**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Nollaig 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 995 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 995 final.

Faoi iamh: COM(2025) 995 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 995 final

2025/0420 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE

{SEC(2025) 995 final} - {SWD(2025) 1057 final} - {SWD(2025) 1058 final} -
{SWD(2025) 1059 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Aithníonn an tAontas gur bagairt eiseach é an t-athrú aeráide a bhfuil dlúthbhaint aige leis an tslándáil dhomhanda, leis an tsíocháin agus leis an bhforbairt inbhuanaithe. Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an athrú aeráide, tá deis ann iomaíochas agus neamhspleáchas an Aontais a fheabhsú an tráth céanna. Tá gealltanais tugtha ag an Aontas laghdú 55 % ar a laghad a chur ar a ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) uile-gheilleagair faoi 2030 le hais 1990, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Mhol an Coimisiún leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach freisin, dlí lena gcumhdaítear sprioc 2040 maidir le laghdú 90 %¹. Tá a seasaimh i leith an chomhaid bunaithe ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa araon, comhad atá faoin nós imeachta comhchinnteoireachta faoi láthair.

Tá beartais dícharbónaithe ina spreagadh cumhachtach don fhás nuair a bhíonn siad comhtháite go maith le beartais tionsclaíochta, iomaíochta, eacnamaíochta agus trádála, mar a mhínítear sa Chompás Iomaíochais² agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan³.

Tá sé fíor-riachtanach astaíochtaí CO₂ ó iompar ar bóthar a laghdú chun aeráidneodracht a bhaint amach. In 2023, is thart ar 30 % de ghlanastaíochtaí foriomlána CO₂ an Aontais a bhí i gceist leo (agus 24 % d'astaíochtaí GCT) agus tá siad fós níos airde ná mar a bhí in 1990.

Is gné fíor-riachtanach den bhascaed beart AE é an Rialachán lena leagtar síos na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma (veaineanna) nua⁴, bascaed arb é is aidhm dó dícharbónú an iompair ar bóthar a bhaint amach. Stiúrann sé aistriú de réir a chéile i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha agus tugann sé deimhneacht agus intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí feadh an tslabhra luacha, agus san am céanna tugann sé aga seachadta leordhóthanach le haghaidh aistriú cothrom.

EUR 1 trilliún de OTI agus aon trian d'infheistíocht phríobháideach i dtaighde agus forbairt san Aontas, sin an méid atá i gceist le hearnáil mótarfheithiclí an Aontais. Cuireann sé fostaíocht dhíreach agus indíreach sa mhonaraíocht ar fáil do thrí mhilliún Eorpach. Tá claochlú domhanda struchtúrach ag teacht ar an earnáil faoi láthair agus tá dúshlán mhóra iomaíochais roimpi. Baineann an claochlú sin leis an aistriú glan agus leis an aistriú digiteach.

I mí Eanáir 2025, chuir an Coimisiún idirphlé straitéiseach ar bun le lucht na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin agus chun straitéisí agus réitigh choincréiteacha a cheapadh ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh todhchaí láidir ag an tionscal barrthábhachtach seo san Eoraip. Chuir sé sin leis an bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an earnáil

¹ An Coimisiún, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach, COM(2025) 524 final, 2.7.2025.

² An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht: Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025)30 final, 29.1.2025;

³ An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht: An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan – Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85 final, 26.2.2025

⁴ Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011, IO L 111 25.4.2019, lch. 13.

mótarfeithiclí Eorpach⁵ ina leagtar amach bearta nithiúla chun cuidiú iomaíochas domhanda thionscal gluaisteán an Aontais a dhaingniú agus bonn táirgthe láidir Eorpach a choinneáil ar bun trí ghníomhaíocht a dhéanamh i gcúig phríomhréimse éagsúla: (1) nuálaíocht agus digitiú, (2) soghluaisteacht ghlan, (3) iomaíochas agus athléimneacht an tslabhra soláthair, (4) scileanna agus gné shóisialta agus (5) cothrom iomaíochta agus timpeallacht ghnó.

Leis an bPlean Gníomhaíochta, tugtar isteach thart ar 50 gníomhaíocht shuaitheanta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Áirítear orthu sin an t-athbhreithniú ar an Rialachán lena leagtar síos caighdeán astaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin paisinéirí agus do veaineanna agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán⁶, chun faisnéis do thomhaltóirí a fheabhsú agus roghanna inbhuanaithe a éascú i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais.

Ós rud é go n-éiríonn na spriocanna astaíochtaí CO₂ a leagtar síos sa Rialachán níos déine le himeacht ama, le bheith comhlíontach ní mór glacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú toisc gur teoranta an tionchar atá ag na huirlisí eile atá ann cheana chun astaíochtaí CO₂ a laghdú agus toisc nach leor iad astu féin chun na spriocanna CO₂ atá i bhfeidhm faoi láthair agus a bheidh i bhfeidhm amach anseo a bhaint amach. Cé go bhfuil sé fíorriachtanach go leanfaidh na spriocanna den aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a dhreasú agus de dheimhneacht agus intuathacht a chruthú le haghaidh infheistíochtaí, d'fhéadfadh easpa solúbthachta sa timthriall comhlíontachta, mar aon le hathruithe suntasacha ar an staid dhomhanda eacnamaíoch agus rialála, riosca neamhchomhlíontachta a chruthú do mhonaróirí feithiclí.

Ní mór neodracht theicneolaíoch a fheabhsú, ós rud é go bhfuil an baol ann leis an gcreat reachtach atá ann faoi láthair go gcuirfear teorainn le nuálaíocht agus forbairt leanúnach na dteicneolaíochtaí nach gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha iad, teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do chásanna úsáide sonracha agus/nó d'idirthréimhse. Mar gheall ar bhacainní ar chur chun úsáide na veaineanna astaíochtaí nialasacha, rud a chruthaíonn easpa éilimh sa ghearrthéarma, tá dúshláin ar leith roimh mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma. Chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na earnála mótarfeithiclí Eorpaí a fheabhsú, is iomchuí forbairt na ngluaisteán leictreach beag a dhéantar san Aontas a dhreasú trí dhreasachtaí tiomnaithe a sholáthar.

Is gá a áirithiú freisin go bhfaighidh tomhaltóirí faisnéis shoiléir chomhchuibhithe maidir le feidhmíocht chomhshaoil na ngluaisteán nua paisinéirí agus na ngluaisteáin a dhíolann miondíoltóirí ar an margadh athlámhe. Ba cheart lipéadú gach cineáil gluaisteáin a chumhdach leis sin, lena n-áirítear feithiclí astaíochtaí nialasacha, rud a d'éascódh cinní ceannaigh eolasacha agus a thacódh leis an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha.

Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra cur chuige níos solúbtha agus níos neodraí ó thaobh na teicneolaíochta de a sholáthar, agus forbairtí teicneolaíochta agus margaidh á gcur san áireamh, agus san am céanna leanúint den chonair maidir le haeráidneodracht agus intuathacht do mhonaróirí agus d'infheisteoirí a choinneáil ar bun in aistriú cothrom i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Déantar foráil ann maidir le bearta:

⁵ An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht: Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an earnáil mótarfeithiclí Eorpach, COM(2025) 95 final, 5.3.2025.

⁶ Treoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig 1999 a bhaineann le hinfhaighteacht faisnéise do thomhaltóirí maidir le barainneacht breosla agus astaíochtaí CO₂ i dtaca le gluaisteáin phaisinéirí nua a mhargú, IO L 12, 18.1.2000, lch. 16.

- (1) lena dtugtar isteach níos mó solúbthachtaí do mhonaróirí chun a spriocanna CO₂ a bhaint amach;
- (2) lena bhfeabhsaítear neodracht theicneolaíoch na gcaighdeán astaíochtaí CO₂;
- (3) lena gcoinnítear ar bun rannchuidiú na gcaighdeán CO₂ leis na spriocanna aeráide a leagtar amach i nDlí Aeráide an Aontais;
- (4) lena gcoinnítear ar bun cinnteacht agus intuarthacht do mhonaróirí agus d'infheisteoirí i slabhra luacha na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha;
- (5) lena ndéantar freastal níos fearr ar cheannaitheoirí feithiclí astaíochtaí nialasacha a d'fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis leormhaith a sholáthar dóibh, rud, dá dhroim sin, a thacóidh le monaróirí a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin CO₂ a chomhlíonadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Rialachán sin. Tá an togra ailínithe le beartais eile de chuid an Aontais maidir leis an aeráid, fuinneamh agus iompar, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Rialachán (AE) 2023/1804, lena n-áirithítear bonneagar leormhaith breoslaí malartacha ar fud an Aontais, le tacaíocht ón tSaoráid um Bonneagar Breoslaí Malartacha le haghaidh tionscadail athluchtaithe. Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hEangacha agus an reachtaíocht atá ar na bacáin maidir le nuachóiriú na n-eangach, is é is aidhm dóibh leictrea-shoghluaisteacht a chomhtháthú go héifeachtúil. Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne costais luchtaithe a laghdú. Déanfaidh togra maidir le dícharbónú flíteanna corparáideacha an t-éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú.
- An Rialachán maidir le hAmhábhair Chriticiúla lena gothaítear slabhra luacha ceallraí inbhuanaithe, le tionscadail straitéiseacha arna bhformheas chun soláthar na n-ábhar a dhaingniú. Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, feabhsaítear inbhuanaitheacht agus athléimneacht chomh maith le hacmhainneacht mhonaraíochta an Aontais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta, amhail ceallraí. Tabharfaidh an pacáiste um Threisiú leis an Tionscal Ceallraí tuilleadh tacaíochta d'fhorbairt shlabhra soláthair ceallraí an Aontais. Beidh sé d'aidhm ag reachtaíocht atá ar na bacáin, amhail an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, táirgeadh Eorpach phríomh-chomhpháirteanna na bhfeithiclí leictreacha a dhíoltar san Aontas a choinneáil ar bun, trí thacaíocht phoiblí a rachaidh chun tairbhe don earnáil mótarfeithiclí a dhéanamh coinníollach ar chritéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta. Is uirlis chumhachtach iad na critéir sin chun tacú leis an earnáil mótarfeithiclí Eorpach. Meastar freisin go bhforbróidh an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht lipéad maidir leis an déine carbóin a bhaineann le táirgí tionsclaíocha, ag tosú le cruach, chomh maith le paraiméadair i dtaca leis an tagairt 'déanta san Aontas Eorpach'. Beidh sé ábhartha brath ar na forbairtí sin, de réir mar is iomchuí, chun comhsheasmhacht na modheolaíochtaí a áirithiú. Tá sé chomh bailí céanna maidir leis an tagairt 'déanta san Aontas' i gcás gluaisteáin leictreacha bheaga.
- An córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise (CTA2), lena bhfeabhsaítear an t-aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha trí phraghsáil carbóin.

- An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill atá fós lárnach i straitéis laghdaithe astaíochtaí an Aontais, agus sprioc 2030 le haghaidh earnálacha neamh-CTA socraithe ag laghdú 40 % le hais 2005, sin agus na Ballstáit ag leanúint dá mbuiséid náisiúnta agus dá solúbthachtaí a choigeartú de réir mar a rianaíonn an tAontas an dul chun cinn i dtreo a spriocanna aeráide.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá creat uailmhianach leagtha amach ag an Eoraip le bheith ina gheilleagar aeráidneodrach faoi 2050. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan an tAontas a dhaingniú mar shuíomh iomaíoch tarraingteach don mhonaraíocht, lena n-áirítear do thionscail atá dian ar fhuinneamh, agus an teicneolaíocht ghlan agus samhlacha gnó ciorclacha nua á gcur chun cinn ar mhaithe leis na cuspóirí dícharbónaithe comhaontaithe a bhaint amach. Le cur chun feidhme na nithe sin, neartófar neamhspleáchas fuinnimh an Aontais ar bhreoslaí iontaise allmhairithe freisin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, *inter alia*, leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac. Ar bhonn Airteagal 192 CFAE, tá beartais glactha ag an Aontas cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin agus ó fheithiclí tráchtála éadroma trí Rialachán (AE) 2019/631, atá i bhfeidhm ó bhí an 1 Eanáir 2020 ann, agus chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le barainneacht breosla agus astaíochtaí CO₂ na ngluaisteán nua paisinéirí a thairgtear lena ndíol nó lena léasú trí Threoir 1999/94/CE.

- **Coimhdeacht**

Fadhb thrasteorann is ea an t- athrú aeráide agus is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais gníomhaíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú go héifeachtach. Tá údar le gníomhaíocht ón Aontas ar fhorais na coimhdeachta, i gcomhréir le hAirteagal 191 de Chonradh Liospóin.

Ós rud é gur ar leibhéal an Aontais a shocraítear na caighdeáin astaíochtaí CO₂ d'fheithiclí agus na ceanglais maidir le lipéadú gluaisteán, is ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal sin amháin is féidir cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Cloíonn an togra seo le prionsabal na comhréireachta de bhrí nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach, agus cothroime agus sláine comhshaoil á n-áirithiú san am céanna.

- **An rogha ionstraime**

Leis an togra seo, déantar foráil maidir le Rialachán (AE) 2019/631 a leasú agus is é rialachán an t- aon ionstraim dlí iomchuí dá bhrí sin.

Maidir le lipéadú feithiclí, déantar Treoir 1999/94/CE a aisghairm agus a ionadú leis an togra. Agus torthaí na meastóireachta á gcur san áireamh mar aon leis na príomhathruithe is gá a

dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana, sin agus an cuspóir feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, rialachán is ea an ionstraim dlí iomchuí a chuirfear in ionad na teorach, de bhrí go ndéantar forálacha mionsonraithe soiléire atá infheidhme go díreach a sholáthar ann. Thairis sin, le rialachán áirithítear go gcuirtear ceanglais dhlíthiúla chun feidhme go comhuaineach agus ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá comhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara gur gá leanúint d'iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais agus go mbeidh an leictriú lárnach don aistriú agus do thodhchaí iomaíochas an Aontais san earnáil mótarfeithiclí. Áitíonn roinnt páirtithe leasmhara, áfach, go bhfuil an creat rialála AE atá ann faoi láthair ródhocht, agus go bhfuil an baol ann go mbeidh fadhbanna ag monaróirí feithiclí san aistriú. Is iomchuí, dá bhrí sin, na rioscaí sin a mhaolú.

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar an Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán, cé gur bhain sí amach go pointe áirithe ar a laghad a cuspóirí tosaigh maidir le tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi astaíochtaí CO₂ ó ghluaisteáin nua, go gcuireann roinnt tosca teorainn le roghanna tomhaltóirí agus leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici. Beidh a hábharthacht níos teoranta fós de réir mar a thiocfaidh méadú ar ghlacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a bhfuil an fhaisnéis atá á soláthar ina leith go dtí seo an-teoranta agus neamhleor, agus de réir mar atá ceannaitheoirí ionchasacha feithiclí ag brath níos mó agus níos mó ar ardáin dhigiteacha chun faisnéis a bhailiú sula gceannaíonn siad feithicil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Shainaithin an Coimisiún roinnt príomhghrúpaí páirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin, lena n-áirítear na Ballstáit (údaráis náisiúnta agus réigiúnacha), monaróirí feithiclí, soláthróirí comhphárteanna agus ábhar, soláthróirí breosla agus fuinnimh, ceannaitheoirí feithiclí (ceannaitheoirí príobháideacha, gnólachtaí, cuideachtaí bainistithe flít), eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, iompair agus tomhaltóirí, agus comhpháirtithe sóisialta.

Chun aiseolas a bhailiú ó na grúpaí sin, sheol an Coimisiún glao ar fhianaise agus comhairliúchán poiblí ar líne ón 7 Iúil go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2025. Ina theannta sin, thionóil sé cruinnithe le comhlachais tionscail a dhéanann ionadaíocht ar mhonaróirí feithiclí agus comhphárteanna agus ar sholáthróirí fuinnimh, réachtáil sé cruinnithe déthaobhacha le húdaráis na mBallstát, le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, agus d'iarr sé ar pháirtithe leasmhara páipéir sheasaimh a chur isteach.

Fuarthas 963 fhreagra ar an nglao ar fhianaise le haghaidh athbhreithniú ar an Rialachán lena socraítear na caighdeáin astaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin agus do veaineanna, agus fuarthas 39 bhfreagra ar an nglao ar fhianaise ar leith le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán⁷. Leis an gcomhairliúchán poiblí ar líne, a rinneadh ar shuíomh gréasáin

⁷ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14750-Revision-of-the-EU-rules-on-car-labelling_ga

an Aontais um shuirbhéanna⁸, cumhdaíodh an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le caighdeán CO₂ do ghluasteáin agus do veaineanna agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán. Fuair an comhairliúchán 1 115 fhreagra, ar tháinig 859 (77 %) díobh ó shaoránaigh den Aontas, 120 (11 %) díobh ó chuideachta nó ó ghnólacht, 57 (5 %) díobh ó FBManna, 76 (7 %) díobh ó chomhlachais ghnó, 14 (1 %) díobh ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an chuid eile ó institiúidí acadúla, eagraíochtaí tomhaltóirí agus ceardchumainn.

Chuir páirtithe leasmhara raon leathan tuairimí in iúl maidir le spriocleibhéil CO₂ ina gcuid freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí. Shainaithin roinnt Ballstát, chomh maith le húdaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, acadóirí agus earnáil an leictreachais, gur rud fíor-riachtanach í an chobhsaíocht beartais. Os a choinne sin, mheas formhór na bhfreagróirí eile ón tionscal nach bhféadfaí spriocanna 2035 a bhaint amach mar gheall ar ghlacadh níos moille feithiclí astaíochtaí nialasacha ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a bhí ag teacht le haiseolas ó fheachtas arna eagrú ag saoránaigh. Tríd is tríd, mhol ionadaithe ón tionscal ról a thabhairt do bhreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe agus d'fheithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú seachtrach (OVC-HEVanna) faoin Rialachán maidir le caighdeán CO₂, chun solúbthacht a mhéadú agus neodracht theicneolaíoch a fheabhsú. Chuir eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis phoiblí a mhalairt de thuairim in iúl den chuid is mó, áfach. D'iarr páirtithe leasmhara ón tionscal níos mó solúbthachta freisin maidir le húsáid na bhfineálacha, agus mhol siad go bhfeidhmeoidís mar shásra tacaíochta seachas mar bheart pionósach. Tríd is tríd, mhol saoránaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha na hioncain a úsáid chun tacú le hoibrithe, bonneagar luchtaithe a fhorbairt agus bearta atá dírithe ar an éileamh a chur chun feidhme.

Thacaigh tromlach mór na bpáirtithe leasmhara le lipéadú feithiclí a chomhchuihbhiú agus a shimpliú, sin agus faisnéis shonrach i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur leis an lipéad, ach gan faisnéis bhreise eile nach mbeadh ar fáil go héasca a chur leis, amhail costas iomlán na húinéireachta. Measann formhór na bpáirtithe leasmhara go bhfuil sé tábhachtach an lipéad a leathnú chun veaineanna nua a chumhdach freisin. D'iarr na heagraíochtaí tomhaltóirí go leathnófaí raon feidhme an lipéid chun gluaisteáin athlámhe a chumhdach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

An measúnú cainníochtúil ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá ag na roghanna beartais a breithníodh, chuir sé sin le raon cásanna insamhlaithe a forbraíodh le haghaidh shamhail PRIMES. Comhlánaíodh an anailís sin le huirlisí samhaltaithe eile a chur i bhfeidhm, amhail GEM- E3, E3ME agus samhail DIONE an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

Fuarthas sonraí faireacháin ar astaíochtaí GCT agus ar thréithe eile an fhlíit feithiclí saothair éadroim nua ó na sonraí faireacháin bliantúla arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus arna mbailiú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil faoi Rialachán (AE) 2019/631.

Bailíodh tuilleadh faisnéise trí chonarthaí seirbhíse a coimisiúnaíodh le conraitheoirí seachtracha.

⁸ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14765-Revision-of-the-CO2-emission-standards-for-cars-and-vans_ga

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair inar cuireadh anailís mhionsonraithe ar fáil. Sa mheasúnú tionchair, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht an tionscnaimh le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Rialachán sin.

Féachadh ar roghanna beartais éagsúla a grúpáladh ina dtrí phríomhchatagóir: (i) spriocanna astaíochtaí CO₂ le haghaidh gluasteán agus veaineanna, chomh maith le solúbthachtaí éagsúla lena n-éascaítear comhlíontacht (breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe, OVC-HEVanna, comhlíontacht ilbhliantúil, sárchreidmheasanna le haghaidh gluasteáin leictreacha bheaga); (ii) tacaíocht airgeadais trí fhíneálacha a úsáid; (iii) lipéadú feithiclí.

Sainaithníodh an teaghlaim roghanna ab fhearr i dtaca le spriocanna agus solúbthachtaí, lena ndéantar foráil maidir le níos mó solúbthachta agus neodracht theicneolaíoch, agus san am céanna comhartha láidir d'infheistíochtaí i soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha á choinneáil ar bun go fadtéarmach. Maidir le lipéadú feithiclí, is í an rogha beartais ab fhearr an rogha lena gcumhdaítear an raon is leithne d'fheithiclí athlámhe.

Rachaidh an rogha beartais ab fhearr i dtaca le spriocanna agus solúbthachtaí CO₂ chun tairbhe do mhonaróirí sa tréimhse 2030-2034. Chomh maith leis sin, agus na spriocanna laghdaithe 100 % le haghaidh 2035 á gcoinneáil ar bun aici, feabhsaíonn sí neodracht theicneolaíoch trí aitheantas a thabhairt do ról na OVC-HEVanna agus do ról na mbreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe i ndiaidh 2035. Spreagfaidh sé sin infheistíochtaí leanúnacha i dteicneolaíochtaí nach gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha iad agus forbairt na dteicneolaíochtaí sin. D'fhéadfadh na teicneolaíochtaí sin a bheith úsáideach do chásanna úsáide sonracha agus/nó d'idirthréimhse, agus d'fhéadfaidís tacú le hiomaíochas roinnt monaróirí Eorpacha i margaí eile freisin. Mar a léirítear sa mheasúnú, is teoranta iad tionchair fuinnimh agus aeráide na rogha beartais ab fhearr, go háirithe mar gheall ar na coimirce ionsuite. I bhfianaise an mhéid sin, tá an tionscnamh comhsheasmhach le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050, le sprioc aeráide 2030 agus leis an dul chun cinn maidir le hoiriúnú.

Leis an rogha beartais ab fhearr i dtaca le spriocanna agus solúbthachtaí CO₂, tá roinnt costais bhreise ann ó thaobh an chórais iomláin de (caipiteal, breosla agus costais oibriúcháin eile), ach ní léirítear go mbeidh athruithe suntasacha ann i gcomparáid leis an mbunlíne.

Leis an tsolúbthacht rialála a sholáthraíonn an tionscnamh, meastar go bhfeabhsófar an t-iomaíochas gearrthéarmach. Tá gnéithe éagsúla san áireamh sa rogha beartais ab fhearr arb é is aidhm dóibh an chothromaíocht is gá a bhaint amach idir solúbthacht rialála agus neodracht theicneolaíoch fheabhsaithe, ar thaobh amháin, agus intuarthacht agus cobhsaíocht an chomhartha fhadtéarmaigh i dtreo FANanna a choinneáil ar bun ar an taobh eile.

Leis an rogha beartais ab fhearr maidir le lipéadú feithiclí, soláthrófar faisnéis níos fearr do cheannaitheoirí ionchasacha FANanna. Ina theannta sin, áiríteofar gurb é an toradh a bheidh ar chomhchuíbhíú dhearadh an lipéid ar leibhéal an Aontais go mbeidh simpliú ann, agus áiríteofar go gcumhdófar gach feithicil athlámhe ar bhealach cothrom. Leis an gcomhchuíbhíú, cuirtear deireadh leis an ngá a bhí le dearadh lipéid náisiúnta a fhorbairt, rud a bhfuil coigilteas costais d'údarais náisiúnta mar thoradh air.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin i leith Rialáil Níos Fearr, ullmhaíodh an togra go hionchuimsitheach, agus é bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le páirtithe leasmhara.

I gcomparáid leis an Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair, ní mheastar go méadóidh an togra na costais riaracháin a bhíonn ann de thoradh na reachtaíochta. Ina theannta sin, ní mhéadaíonn sé castacht an chreata dhlíthiúil.

- **Ceartha bunúsacha**

Sa togra seo, urramaítear na ceartha bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe. Go sonrach, rannchuidíonn sé leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁹.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

An ráiteas airgeadais reachtach ina leagtar amach na himpleachtaí a bheidh ann d’acmhainní buiséadacha, daonna agus riaracháin, cuireadh i gceangal é leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2019/631 agus an t-athbhreithniú is déanaí a rinneadh air le Rialachán (AE) 2023/851.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní athraíonn an togra seo substaint na rialacha; tá an measúnú ar chur chun feidhme fós mar an gcéanna leis an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2019/631, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/851.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá na leasuithe beartaithe seo a leanas le fáil in Airteagal 1:

- Le hAirteagal 1(1), leasaítear Airteagal 1 chun sprioc 2030 i leith astaíochtaí CO₂ le haghaidh fhlít uile an Aontais a ísliú i gcás veaineanna, is é sin ó laghdú 50 % ar bhunlíne 2021 go laghdú 40 %, agus sprioc 2035 i leith astaíochtaí CO₂ le haghaidh fhlít uile an Aontais a ísliú i gcás gluaisteán agus veaineanna, is é sin ó laghdú 100 % go laghdú 90 %. Cuireann sé lipéadú feithiclí le hábhar an Rialacháin freisin.
- Le hAirteagal 1(2), leasaítear Airteagal 2(1)(b) chun a shoiléiriú go ndéantar gach feithicil FAN N (lena n-áirítear N1 agus N2) a bhfuil a mais, gan mais an cheallra, faoi bhun 2 840 kg a chur san áireamh go hiarbhír nuair a dhéantar measúnú ar chomhlíonadh na spriocanna astaíochtaí CO₂ a leagtar síos sa Rialachán seo. Leathnaíonn sé an raon feidhme freisin chun lipéadú feithiclí a chumhdach.
- Le hAirteagal 1(3), leasaítear Airteagal 3 chun an sainmhíniú ar ‘mais tástála’ a shoiléiriú agus chun sainmhínithe atá ábhartha do na forálacha maidir le lipéadú feithiclí a thabhairt isteach.

⁹ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

- Le hAirteagal 1(4), leasaítear Airteagal 4 chun comhlíontacht ilbhliantúil a thabhairt isteach. Le hAirteagal 1(7), leasaítear Airteagal 6 agus Airteagal 1(9) agus leasaítear Airteagal 8 chun athruithe iarmhartacha a thabhairt isteach.
- Le hAirteagal 1(5), leasaítear Airteagal 5 chun foráil a dhéanamh maidir le sárchreidmheasanna d’fheithiclí leictreacha beaga a dhéantar san Aontas.
- Le hAirteagal 1(6), tugtar isteach forálacha nua maidir leis an ról atá ag breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe áirithe.
- Le hAirteagal 1(6), tugtar isteach forálacha nua maidir le ról na cruach ísealcharbóin a dhéantar san Aontas.
- Le hAirteagal 1(10) agus (14), déantar foráil maidir le hAirteagal 15a agus Airteagal 15b nua agus maidir le hIarscríbhinn IIIa nua, lena leagtar síos na rialacha maidir le lipéadú feithiclí.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁰,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Trí Rialachán (AE) 2021/1119 (An Dlí Aeráide) a ghlacadh, chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht uile-gheilleagair a bheith ann faoi 2050, agus dá réir sin astaíochtaí a laghdú go leibhéal glan-nialasach faoin dáta sin, mar aon leis an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, bhunaigh sé sprioc aeráide idirmheánach cheangailteach de chuid an Aontais le haghaidh 2030 agus bhunaigh sé forálacha maidir le sprioc aeráide idirmheánach uile-Aontais le haghaidh 2040 a shocrú.
- (2) Chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach, tá sé fíor-riachtanach, *inter alia*, tacaíocht a áirithiú agus a thabhairt d'iomáiochas agus athléimneacht an tionscail Eorpaigh, conairí aistriithe a áirithiú bunaithe ar na teicneolaíochtaí costéifeachtacha sábháilte inscálaithe is fearr dá bhfuil ar fáil, béim níos mó a leagan ar aistriú cóir, iomaíocht chóir le comhpháirtithe idirnáisiúnta a áirithiú agus an córas fuinnimh a dhícharbónú le réitigh fuinnimh saor ó charbón agus ísealcharbóin.
- (3) Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an earnáil mótarfheithiclí Eorpach, tá na coinníollacha curtha i bhfeidhm ag an Aontas le haghaidh aistriú rathúil, le béim ar an dícharbónú agus ar an athnuachan thionsclaíoch, lena n-áirítear sásraí tacaíochta don tionscal Eorpach, ceanglais ábhair Eorpacha i dtaca le cealla agus comhpháirteanna ceallraí i bhfeithiclí leictreacha a dhíoltar san Aontas, rochtain níos fearr ar mhaoiniú poiblí agus

¹⁰ IO C , , leh. .

¹¹ IO C , , leh. .

príobháideach, cothrom iomaíochta domhanda agus coinníollacha cumasúcháin soiléire maidir le glacadh agus scálú teicneolaíochtaí glana, chun iomaíochas tionsclaíoch agus nuálaíocht san Aontas a neartú.

- (4) Is príomhchólún de gheilleagar an Aontais é an earnáil mótarfeithiclí. Tá uair na cinniúna buailte aige agus é ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht dhomhanda ghéar agus ar chlaochluithe struchtúracha doimhne sa dícharbónú agus sa digitiú. Chun bheith ar an gconair i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, tá gá le cur chuige comhtháite lena gcomhcheanglaítear laghdú CO₂ iomaíochas tionsclaíoch, cothroime shóisialta agus ceannaireacht theicneolaíoch. Ar mhaithe lena áirithiú go neartóidh an claoclú sin iomaíochas éiceachóras mótarfeithiclí an Aontais agus a uaimhianta comhshaoil agus sóisialta á gcaomhnú aige san am céanna, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an earnáil mótarfeithiclí Eorpach an 5 Márta 2025.
- (5) Ceannaítear feithiclí tráchtála éadroma agus úsáidtear iad i gcomhthéacs gairmiúil. I gcásanna úsáide sonracha áirithe, d'fhéadfadh bacainní gearrthéarmacha a bheith ar chur chun úsáide na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha sa réimse sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, sprioc 2030 i leith astaíochtaí CO₂ a choigeartú i gcás na bhfeithiclí sin chun tacú le cumas leanúnach na monaróirí infheistíocht a dhéanamh, go háirithe san aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí nialasacha.
- (6) Trí fhorbairt agus táirgeadh na ngluaisteán leictreach beag a dhéantar san Aontas a chothú, áiritheofar inacmhainneacht agus rochtain ar shoghluaisteacht ghlan do thomhaltóirí agus feabhsófar iomaíochas agus inbhuanaitheacht na hearnála mótarfeithiclí Eorpaí. Is iomchuí, dá bhrí sin, forbairt na ngluaisteán leictreach beag a dhéantar san Aontas a dhreasú trí dhreasachtaí a sholáthar i bhfoirm creidmheasanna CO₂ do mhonaróirí a chuireann feithiclí den sórt sin ar mhargadh an Aontais.
- (7) Cé go bhfuil sé fíor-riachtanach go leanfaidh na spriocanna astaíochtaí CO₂ den aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a dhreasú agus de dheimhneacht agus intuarthacht a chruthú d'infheistíochtaí den sórt sin, d'fhéadfadh easpa solúbthacht rialála deacrachtaí a chruthú do mhonaróirí feithiclí i gcás ina gcuireann sé teorainn leis na roghanna comhlíontachta atá acu. Is iomchuí, dá bhrí sin, tacú le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de trí fhoráil a dhéanamh maidir le solúbthachtaí rialála le haghaidh teicneolaíochtaí nach bhfuil astaíochtaí nialasacha acu.
- (8) Chun solúbthachtaí breise a sholáthar, le linn na tréimhse ó 2030 go 2032, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú nach sáraíonn meánastaíochtaí sonracha CO₂ a gcuid bhfeithiclí sprioc astaíochtaí arna ríomh mar mheán a spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse áirithe. Ba cheart comhlíonadh na spriocanna a mheasúnú ag deireadh na tréimhse i gcás gach monaróra aonair. Ba cheart na préimheanna astaíochtaí iomarcacha a ríomh dá réir sin.
- (9) Laghdaítear ó 100 % go 90 % an sprioc laghdaithe astaíochtaí le haghaidh an fhlít uile ó 2035 ar aghaidh, ar choinníoll go ndéantar na hastaíochtaí atá fágtha a chúiteamh trí chreidmheasanna cruach ísealcharbóin nó creidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe a úsáid.
- (10) Ba cheart uasteorainn a chur le húsáid creidmheasanna cruach ísealcharbóin agus creidmheasanna breosla in-athnuaite inbhuanaithe chun infheistíochtaí i slabhra luacha na n-astaíochtaí nialasacha a chaomhnú. Trí chead a thabhairt astaíochtaí suas le 10 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais a chúiteamh ó 2035 ar aghaidh, tacaíonn na creidmheasanna sin, in éineacht leis an sprioc laghdaithe astaíochtaí 90 %, le cuspóir foriomlán na haeráidneodrachta.

- (11) In 2035 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin, chun ailíniú leis an gcuspóir aeráidneodrachta ceangailteach do 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide') a choinneáil ar bun.
- (12) Is iomchuí aithint coigilteas astaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe a cheadú sna caighdeáin CO₂, chun tuilleadh solúbthachtaí a thabhairt do mhonaróirí agus chun tacú le hinfheistíochtaí i bhforbairt shlabhra luacha an bhreosla in-athnuaite inbhuanaithe. Leanfaidh breoslaí den sórt sin de ról a bheith acu i ndícharbónú an iompair. Chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha, sa chreat atá ann faoi láthair faoi Threoir (AE) 2018/2001 áirítear spriocanna ceangailteacha le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha san iompar. Tá dul chun cinn déanta maidir lena cur chun feidhme, cé go bhfuil sé mall. Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ag deireadh 2026 ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta agus ar an ngá nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat bithgheilleagair a bheidh ann amach anseo.
- (13) Tá sé fíor-riachtanach cruach ísealcharbóin a chur chun cinn ar mhaithe le cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, agus a iomaíochas tionsclaíoch agus a neamhspleáchas straitéiseach á neartú san am céanna. Ós rud é gur príomhúsáideoir cruach í an earnáil mótarfheithiclí, is iomchuí úsáid cruach ísealcharbóin i dtáirgeadh feithiclí a dhreasú chun margadh tosaigh a chruthú. Dá bhrí sin, ba cheart monaróirí a bheith in ann úsáid a bhaint as creidmheasanna cruach ísealcharbóin 'déanta san Aontas Eorpach' tar éis 2035 chun astaíochtaí CO₂ a bhfeithiclí nua a chúiteamh, ar astaíochtaí iad nár cúitíodh cheana féin trí bhreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe a úsáid.
- (14) Chun níos mó cinnteachta a thabhairt do mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma, ba cheart coigeartú teicniúil a dhéanamh ar an bhfoirmle lena gcoigeartaítear sprioc an mhonaróra i leith astaíochtaí sonracha, ag brath ar mheánmhais tástála fhliú an Aontais.
- (15) Sa mheastóireacht ar an Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán, thángthas ar an gconclúid go bhfuil easpa comhchuibhithe ann i ndáil leis an lipéad ó Bhallstát go chéile, nach ndéantar ceannaitheoirí ionchasacha feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle, veaineanna agus feithiclí athlámhe a chur ar an eolas ar bhealach leormhaith faoi na rialacha atá ann faoi láthair, sin agus go mbíonn tomhaltóirí ag brath níos mó agus níos mó ar uirlisí digiteacha, ach díríonn na rialacha atá ann faoi láthair ar dhíolphointí fisiceacha, le treoir agus póstaer ar pháipéar. Dá bhrí sin, ní mór Treoir 1999/94/CE a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.
- (16) Ba cheart lipéad feithicle lena soláthraítear faisnéis atá ábhartha d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha a bheith ar fáil chun ceannaitheoirí ionchasacha feithiclí a chumhachtú cinntí ceannaigh eolasacha a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart lipéad feithicle a bheith ar fáil ní hamháin i gcás gluaisteán nua paisinéirí, ach do cheannaitheoirí ionchasacha veaineanna agus feithiclí athlámhe freisin, chun a áirithiú go gcuirfear ceannaitheoirí ionchasacha na bhfeithiclí sin ar an eolas go hiomchuí freisin.
- (17) Ba cheart an fhaisnéis is tábhachtaí ón deimhniú comhréireachta a bheith ar an lipéad le haghaidh feithiclí aonair. Ba cheart an lipéad an deis a thabhairt do thomhaltóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise freisin. Amach anseo, de réir mar a fhorbraíonn ceanglais theicniúla, faireachán, tuairisciú agus na sonraí atá ar fáil, d'fhéadfadh faisnéis bhreise, mar shampla, custaiméirí a chur ar an eolas faoi fheidhmíocht feithiclí hibrídeacha inluchtaithe ag brath ar iompraíocht an úsáideora i dtéarmaí an sciar den tiomáint a dhéantar i mód leictreach.

- (18) Ós rud é go mbíonn ceannaitheoirí feithiclí ag brath níos mó agus níos mó ar uirlisí digiteacha, agus ionas go mbeidh tomhaltóirí in ann múnlaí feithicle éagsúla a chur i gcomparáid le chéile, lena n-áirítear múnlaí ó mhonaróirí éagsúla, ba cheart faisnéis faoi gach múnla feithicle dá gcuirtear feithiclí nua ar mhargadh an Aontais a chur ar fáil i mbunachar sonraí táirgí.
- (19) Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais lipéadaithe feithiclí maidir le monaróirí feithiclí agus déileálaithe nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a chuireann feithiclí ar fáil ar an margadh mar chuid de ghníomhaíocht tráchtála, rud a eisiann dá bhrí sin daoine príobháideacha a dhíolann gluasteán athlámhe ó am go chéile.
- (20) Ba cheart ceanglais lipéadaithe feithiclí a ionchorprú i Rialachán (AE) 2019/631 chun a chur i bhfeidhm comhsheasmhach comhchuibhithe a chosaint ar fud an Aontais.
- (21) Chun modheolaíochtaí a bhunú maidir leis na critéir a chinneadh lena mheas go bhfuil gluasteán ‘déanta san Aontas Eorpach’ agus lena mheas gur cruach ísealcharbóin atá i gcruach, agus chun an Iarscríbhinn a bhaineann le lipéadú feithiclí a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun forbairtí teicneolaíocha agus reachtacha a chur san áireamh, mar aon le forbairtí a bhaineann le faisnéis do thomhaltóirí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na rialacha agus na nósanna imeachta mionsonraithe a bhunú maidir le faireachán agus tuairisciú ag monaróirí ar na sonraí uile is gá chun na creidmheasanna cruach ísealcharbóin a ríomh, sin agus i ndáil le mionsonraí oibríochta an bhunachair sonraí táirgí le haghaidh lipéadú feithiclí a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (23) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, is iad sin solúbthachtaí breise a thabhairt do mhonaróirí feithiclí i ndáil lena gcomhlíontacht agus, an tráth céanna, leibhéal uailmhéine na spriocanna laghdaithe CO₂ a choinneáil ar bun, chomh maith le ceanglais lipéadaithe feithiclí a chomhchuibhiú agus a thabhairt cothrom le dáta, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú ar bhealach leormhaith, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na gníomhaíochta, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (24) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1 *Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/631*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás mheánastaíochtaí an fhlít feithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 40 % ar sprioc 2021 arna cinneadh i gcomhréir le pointe 6.1.2 de Chuid B d’Iarscríbhinn I.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5a:

‘Ón 1 Eanáir 2035, beidh feidhm ag na spriocanna seo a leanas maidir le flít uile an Aontais:

(a) i gcás mheánastaíochtaí fhlít na ngluaisteán nua paisinéirí, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 90 % ar sprioc 2021 arna cinneadh i gcomhréir le Cuid A, pointe 6.1.3, d’Iarscríbhinn I;

(b) i gcás mheánastaíochtaí fhlít na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua, sprioc le haghaidh fhlít uile an Aontais is ionann le laghdú 90 % ar sprioc 2021 arna cinneadh i gcomhréir le Cuid B, pointe 6.1.3, d’Iarscríbhinn I.’;

(c) cuirtear mír 7 leis mar a leanas:

‘7. Leis an Rialachán seo, bunaítear na rialacha maidir le lipéadú feithiclí chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis ábhartha a bhaineann le gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a thairgtear lena ndíol nó lena léasú san Aontas a chur ar fáil do cheannaitheoirí ionchasacha.’;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, pointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs tar éis an leathstad:

‘i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha de chatagóir N, déanfar iad a chomhaireamh, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, chun críocha an Rialacháin seo agus gan dochar do Rialachán (AE) 2018/858 ná do Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, mar fheithiclí tráchtála éadroma a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo mura mó ná 2 840 kg an mhais tagartha lúide mais an chórais stórála fuinnimh.’;

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. Beidh feidhm ag Airteagail 15a agus 15b den Rialachán seo maidir le gach feithicil de chatagóirí M1 agus N1, mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858, a thairgtear lena díol nó lena léasú san Aontas agus atá cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Nós Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d’Fheithiclí Éadroma a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún.’;

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

“(l) ciallaíonn ‘mais tástála’ nó ‘TM’ mais tástála gluaisteáin paisinéirí nó feithiclé tráchtála éadroime mar atá sa deimhniú comhréireachta agus mar a shainmhínítear i mír 3.2.25 de Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe”;

(b) cuirtear na pointí (n) go (r) seo a leanas leis:

“(n) ciallaíonn ‘feithicil astaíochtaí nialasacha’ gluaisteán paisinéirí nó feithicil tráchtála éadrom ag a bhfuil astaíochtaí sceithphíopa 0 g CO₂ /km/km, arna gcinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta cineálcheadaithe AE is infheidhme;

(o) ciallaíonn ‘lipéad feithicle’ léaráid ghrafach i bhfoirm chlóite nó leictreonach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo;

(p) ciallaíonn ‘díolphointe’ suíomh ina dtaispeántar feithiclí nó ina dtairgtear iad lena ndíol le custaiméirí ionchasacha nó lena léasú dóibh, lena n-áirítear aontaí trádála ina gcuirtear feithiclí i láthair an phobail;

(q) ciallaíonn ‘ábhar fógraíochta’ aon chineál faisnéise i bhfoirm chlóite nó leictreonach, as líne nó ar líne, a úsáidtear chun feithiclí a dhíol nó a léasú, sin nó i margáíocht, fógraíocht nó cur chun cinn feithiclí a thairgtear lena ndíol leis an bpobal i gcoitinne nó le custaiméir ionchasach nó lena léasú dóibh sin;

(r) ciallaíonn ‘múnla feithicle’ grúpa feithiclí den chineál céanna, den mhalairt chéanna agus den leagan céanna mar a shonraítear i gCuid B d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.”;

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, pointe(c), cuirtear an téacs seo a leanas leis:

‘Ina theannta sin, ó 2035 ar aghaidh, áiritheoidh an monaróir freisin nach sáróidh a mheánastaíochtaí sonracha CO₂ suim a chreidmheasanna breosla dá dtagraítear in Airteagal 5a agus a chreidmheasanna cruach ísealcharbóin dá dtagraítear in Airteagal 5b.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, le haghaidh na dtréimhsí lena gcuimsítear na blianta féilire 2025 go 2027 agus 2030 go 2032, áiritheoidh monaróir, lena n-áirítear nuair is ball de dhíorma é, nach sáróidh a mheánastaíochtaí sonracha CO₂ i gcaitheamh na dtréimhsí sin a sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na dtréimhsí sin.

Déanfar na meánastaíochtaí sonracha CO₂ sin a ríomh mar mheán na meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO₂ i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann, arna ualú de réir líon na bhfeithiclí nuachláráithe don mhonaróir i ngach bliain féilire.

Déanfar an sprioc i leith astaíochtaí sonracha a ríomh mar mheán na spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.3 de Chuid A nó Cuid B d’Iarscríbhinn I nó, i gcás ina ndéonaítear maolú do mhonaróir faoi Airteagal 10, i gcomhréir leis an maolú sin, arna ualú de réir líon na bhfeithiclí nuachláráithe don mhonaróir i ngach bliain féilire.

Le haghaidh gach bliana féilire inar cuireadh monaróir san áireamh i ndíorma, is é a bheidh sna meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO₂ agus sa sprioc bhliantúil i leith astaíochtaí sonracha atá le húsáid le haghaidh na ríomhanna sin, na luachanna le haghaidh an díorma sin.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'Airteagal 5

Sárchreidmheasanna d'fheithicil beaga astaíochtaí nialasacha

1. Go dtí 2034, chun meánastaíochtaí sonracha CO₂ monaróra a ríomh, déanfar gach feithicil astaíochtaí nialasacha nua ó chatagóir M1 a shainaithnítear mar fheithicil leictreach bheag i gcomhréir le pointe 2.4 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 agus a dhéantar san Aontas a chomhaireamh mar 1,3 feithicil.

2. Le haghaidh gach bliana féilire, déanfaidh gach Ballstát, mar chuid dá oibleagáidí i gcomhréir le hAirteagal 7, i gcás gach feithicil astaíochtaí nialasacha nua ó chatagóir M1, a thairfeadh cé acu a shainaithnítear nó nach sainaithnítear í mar fheithicil leictreach bheag i gcomhréir le pointe 2.4 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar san Aontas í, chomh maith le luach na bparaiméadar lena gcinntear an chomhlíontacht sin, agus tarchuirfidh sé an méid sin chuig an gCoimisiún.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a bhunú maidir leis na critéir a chinneadh lena mheas go bhfuil gluaisteán 'déanta san Aontas Eorpach'.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le monaróirí a chuir díorma ar bun, mura rud é gur cuid den ghrúpa céanna monaróirí bainteacha iad na monaróirí go léir a áirítear sa díorma.';

(6) cuirtear na hAirteagail 5a agus 5b seo a leanas isteach:

'Airteagal 5a

Ról na mbreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe

1. Ó 2035 ar aghaidh, ríomhfaidh an Coimisiún, i gcás gach monaróra, creidmheasanna breosla bunaithe ar na coigiltis astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhainfear amach trí úsáid a bhaint as na breoslaí dá dtagraítear i mír 2, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe 7 de Chodanna A agus B d'Iarscríbhinn I, chun astaíochtaí ó ghluaisteáin nua paisinéirí agus ó fheithicilí tráchtála éadroma nua a chláraítear sa bhliain féilire a chúiteamh. Déanfar na creidmheasanna breosla sin a ríomh agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: cainníocht na mbreoslaí sin a chuirtear ar mhargadh an Aontais le haghaidh iompar ar bóthar agus a ndéine astaíochtaí gás ceaptha teasa, arna ríomh de réir Airteagal 29a agus Airteagal 31 de Threoir (AE) 2018/2001 agus mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais arna bhunú de bhun Airteagal 31a den Treoir sin, an sciar de bhreosla iompair ar bóthar a úsáidtear i ngluaisteáin paisinéirí agus i bhfeithicilí tráchtála éadroma, meánmhíleáiste saoil na bhfeithicilí, sin agus an líon feithicilí atá cláraithe.

2. Is éard a bheidh sna breoslaí incháilithe, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2(36) de Threoir (AE) 2018/2001 agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 29a den Treoir sin, bithbhreoslaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(33) den Treoir sin, agus bithghás, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(28) den Treoir sin, ar bithbhreoslaí iad agus ar bithghás é a tháirgtear ó bhunábhar a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir sin agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 29 den Treoir sin.

3. Leis na creidmheasanna ó na breoslaí uile dá dtagraítear i mír 2, ní dhéanfar laghdú níos mó ná 3 % de sprioc 2021 le haghaidh fhíth uile an Aontais, mar a leagtar amach i bpointe 6.0 d'Iarscríbhinn I, Codanna A agus B, ar mheánastaíochtaí sonracha CO₂ monaróra.

Leis na creidmheasanna ó chainníochtaí na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis a tháirgtear ó bhunábhar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, ní dhéanfar laghdú níos mó ná 1 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais, mar a leagtar amach i bpointe 6.0 d'Iarscríbhinn I, Codanna A agus B, ar mheánastaíochtaí sonracha CO₂ monaróra.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le monaróirí a chuir díorma ar bun, mura rud é gur cuid den ghrúpa céanna monaróirí bainteacha iad na monaróirí go léir a áirítear sa díorma.

Airteagal 5b
Ról na cruach ísealcharbóin

1. Ó 2035 ar aghaidh, gheobhaidh monaróir creidmheasanna le haghaidh cruach ísealcharbóin a dhéantar san Aontas ('creidmheasanna cruach ísealcharbóin') chun astaíochtaí ó ghluaisteáin nua paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear sa bhliain féilire a chúiteamh.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na feithiclí sin a ndéantar a gcion de na meánastaíochtaí a chumhdach le hAirteagal 5a.

3. Déanfar creidmheasanna cruach ísealcharbóin a ríomh agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: cainníocht agus déine astaíochtaí CO₂ na cruach ísealcharbóin a dhéantar san Aontas agus a úsáidtear i ngluaisteáin nua paisinéirí nó feithiclí tráchtála éadroma nua an mhonaróra a chláraítear san Aontas sa bhliain féilire, arna ríomh de réir na modheolaíochta a leagtar amach i gcomhréir le mír 6, an líon feithiclí a chláraítear sa bhliain féilire, sin agus míleáiste saoil na bhfeithiclí, i gcomhréir le pointe 7 de Chuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn I.

4. Le creidmheasanna cruach ísealcharbóin, ní dhéanfar laghdú níos mó ná 7 % de sprioc 2021 le haghaidh fhlít uile an Aontais, mar a leagtar amach i bpointe 6.0 d'Iarscríbhinn I, Codanna A agus B, ar mheánastaíochtaí sonracha CO₂ monaróra.

5. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha agus na nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis an bhfaireachán agus tuairisciú atá le déanamh ag monaróirí ar na sonraí uile is gá chun na creidmheasanna cruach ísealcharbóin a ríomh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a bhunú maidir leis na nithe seo a leanas a chinneadh: saintréithe na cruach ísealcharbóin, déine astaíochtaí CO₂ na cruach agus déine astaíochtaí CO₂ na cruach bunlíne mar phointe tagartha chun na creidmheasanna cruach ísealcharbóin a ríomh.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le monaróirí a chuir díorma ar bun, mura rud é gur cuid den ghrúpa céanna monaróirí bainteacha iad na monaróirí go léir a áirítear sa díorma.';

(7) in Airteagal 6, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar comhaontú chun díorma a chur ar bun lena gcumhdaítear an bhliain féilire 2025 nó 2026 a dhéanamh suas go dtí an 31 Nollaig 2027; féadfar comhaontú a dhéanamh suas go dtí an 31 Nollaig 2032 chun díorma a chur ar bun lena gcumhdaítear an bhliain féilire 2030 nó 2031.';

(8) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an abairt seo a leanas isteach tar éis na chéad abairte:

‘Monaróirí atá freagrach as níos lú ná 1 000 gluaisteán nua paisinéirí nó níos lú ná 1 000 feithicil tráchtála éadrom nua a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin, soláthróidh siad faisnéis iomlán don Choimisiún maidir le haon cheann dá ngnóthais bhainteacha de réir bhrí Airteagal 3(2), mura rud é gur thug siad fógra roimhe sin faoin bhfaisnéis sin agus nár tharla aon athrú ó shin.’;

(b) cuirtear an mhír 6b seo a leanas isteach:

‘6b. Ceapfaidh gach monaróir pointe teagmhála chun críche aon chomhfhreagrais dá dtagraítear san Airteagal seo.’;

(9) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir leis na blianta féilire 2025 go 2027 agus 2030 go 2032, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar aon mhonaróir a sáraíonn a mheánastaíochtaí sonracha CO₂ i gcaitheamh na tréimhse ábhartha a sprioc astaíochtaí sonracha i gcaitheamh na tréimhse sin.’;

(b) cuirtear an mhír (5) seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, le haghaidh gach bliana féilire ó 2035 ar aghaidh, forchuirfidh an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha ar mhonaróir nó ar bhainisteoir díorma, de réir mar is iomchuí, i gcás ina sáraíonn meánastaíochtaí sonracha CO₂ monaróra a sprioc i leith astaíochtaí sonracha nó i gcás ina sáraíonn a mheánastaíochtaí sonracha CO₂ suim a chreidmheasanna breosla dá dtagraítear in Airteagal 5a agus a chreidmheasanna cruach ísealcharbóin dá dtagraítear in Airteagal 5b.

Ríomhfar an phréimh astaíochtaí iomarcacha de réir na foirmle seo a leanas:

$(\text{meánastaíochtaí sonracha CO}_2 - (\text{creidmheasanna breosla} + \text{creidmheasanna cruach ísealcharbóin})) \times \text{EUR } 95) \times \text{líon na bhfeithicilí nuachláráithe.}$

Sa ríomh thuas, ní féidir suim na gcreidmheasanna breosla agus na gcreidmheasanna cruach ísealcharbóin a bheith níos mó ná 10 % de sprioc 2021 an Aontais.’;

(10) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. In 2035 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht an Rialacháin chun soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a bhaint amach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar thionchar, indéantacht agus oiriúnacht i dtaobh ceanglais maidir le hábhar áitiúil a áireamh, go háirithe bunaithe ar chur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais. Agus forbairtí margaidh agus teicneolaíochta á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo, agus leasú de réir mar is iomchuí, go háirithe maidir le coigeartuithe ar na spriocanna le haghaidh an fhlíit uile d’fhonn ailíniú leis an gcuspóir aeráidneodrachta ceangailteach do 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a choinneáil ar bun.’;

(11) cuirtear na hAirteagail 15a agus 15b seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 15a
Oibleagáidí monaróirí agus dáileoirí maidir le lipéadú feithicilí*

1. Áiritheoidh dáileoirí go ndéanfar lipéad feithicle mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 2, a cheangal le gach feithicil a thairgtear lena díol nó lena léasú ag a ndíolphointí, nó go dtaispeánfar an lipéad sin, ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus inléite ina iomláine, gar do gach feithicil a thairgtear lena díol nó lena léasú ag a ndíolphointí.

Áireofar ar an lipéad feithicle na heilimintí faisnéise a luaitear in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 2 agus a chomhfhreagraíonn don fheithicil dá dtagraíonn sé.

I dteannta an lipéid feithicle, cuirfidh an dáileoir ceannaitheoir ionchasach na feithicle astaíochtaí nialasacha athlámhe nó na feithicle leictrí hibridí le luchtú seachtrach ar an eolas faoi ‘staid sláinte an cheallra tarraingthe’ atá ag an bhfeithicil an tráth sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil i dtaispeáint na feithicle i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/1707.

2. Áiritheoidh monaróirí agus dáileoirí, de réir mar a bheidh, go mbeidh an lipéad feithicle, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 2, le haghaidh gach feithicle, lena n-áirítear le haghaidh feithicil a thairgtear lena ndíol nó lena léasú ar an idirlíon, ar aon ábhar fógraíochta a bhaineann le feithicilí aonair a dhíol nó a léasú.

I gcás ina mbaineann an t-ábhar fógraíochta le múnla feithicle amháin nó níos mó, áireofar san ábhar fógraíochta luachanna na bhfeithicilí uile dá dtagraíonn sé nó an raon idir na luachanna is ísle agus is airde de na feithicilí uile dá dtagraíonn sé, i dtaca leis na paraiméadair teicniúla uile a luaitear in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 2.

Maidir le hábhar fógraíochta a dháiltear trí mheán leictreonach, i gcás ina ligeann sé do thomhaltóirí feithicil shonrach a chumrú, amhail cumraitheoirí gluaisteán ar líne, léireoidh sé go soiléir do thomhaltóirí an bealach a ndéanann trealamh sonrach agus breiseanna roghnacha éagsúla difear do luachanna na bparaiméadar teicniúil uile a luaitear in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 2.

3. 12 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí táirgí a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus a sholáthróidh faisnéis maidir le lipéadú feithicilí i gcás múnlaí feithicle a chuirtear ar an margadh.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, mionsonraí oibríochta an bhunachair shonraí táirgí a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

4. Déanfaidh monaróirí, gan moill mhíchuí, an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IIIa, Cuid 3, maidir le gach múnla feithicle dá gcuirtear aonaid nua ar an margadh a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí.

Áiritheoidh monaróirí go bhfuil an fhaisnéis a iontráiltear sa bhunachar sonraí táirgí ceart agus cruinn, agus tabharfaidh siad cothrom le dáta í de réir mar is gá.

5. Ní dhéanfaidh monaróirí ná dáileoirí lipéid a sholáthar ná a chur ar taispeáint a dhéanann aithris ar an lipéad feithicle dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, ná ní dhéanfaidh siad lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní feithicle a sholáthar ná a chur ar taispeáint nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus ar dócha go gcuirfidís úsáideoirí deiridh ar míthreoir nó go gcuirfidís mearbhall orthu i ndáil leis na heilimintí faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIa.

6. I gcás ina gceadaíonn soláthraí seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2065 feithiclí a dhíol trína shuíomh idirlín, cinnteoidh an soláthraí seirbhíse sin gur féidir an lipéad feithicle a thaispeáint de réir mhír 2.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun na ceanglais sonraí agus na paraiméadair sonraí a leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn IIIa a leasú ar mhaithe le faisnéis bhreise atá ábhartha do thomhaltóirí a áireamh sa bhunachar sonraí táirgí agus ar mhaithe leis an modheolaíocht a shonrú maidir leis an bparaiméadar 'déanta san Aontas Eorpach' a chinneadh.

Airteagal 15b

Oibleagáidí na mBallstát maidir le lipéadú feithiclí

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás um faireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 a bheidh freagrach as comhlíonadh na mbeart a leagtar síos in Airteagal 15a a áirithiú. Féadfaidh na húdaráis um faireachas margaidh na costais a bhaineann le hiniúchadh doiciméad a aisghabháil i gcásanna nach gcomhlíontar na hairteagail ábhartha sa Rialachán seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis agus sásraí forfheidhmithe a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le sárúithe ar na forálacha i ndáil le lipéadú feithiclí agus glacfaidh siad na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit, 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.';

(12) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'Ní thiocfaidh gníomh tarmlichte a ghlactar de bhun Airteagal 5a(5), Airteagal 7(8), Airteagal 7a(2), Airteagal 10(8), Airteagal 11(1), an ceathrú fomhír, Airteagal 13(4), Airteagal 14(2), Airteagal 15(8) agus (9) agus Airteagal 15a(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí ón tráth a thugtar fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar síneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(13) déantar Iarscríbhinn I a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(14) cuirtear Iarscríbhinn IIIa isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 1999/94/CE.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(5) ón 1 Eanáir [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Phacáiste Omnibus Mótarfheithiclí].

Beidh feidhm ag Airteagal 1(11) agus Airteagal 2 ón [dáta a bheidh ann 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin.....	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas aeráide

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra an méid seo a leanas a sholáthar:

- (1) solúbthachtaí breise do mhonaróirí chun tacú leis an aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha;
- (2) rialacha comhchuibhithe cothrom le dáta maidir le lipéadú astaíochtaí CO₂.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an togra:

- (1) níos mó solúbthachta a sholáthar do mhonaróirí chun a spriocanna astaíochtaí CO₂ a bhaint amach;
- (2) neodracht theicneolaíoch na gcaighdeán astaíochtaí CO₂ a fheabhsú;
- (3) rannchuidiú na gcaighdeán CO₂ leis na spriocanna aeráide a leagtar amach i nDlí Aeráide an Aontais a choinneáil ar bun;
- (4) cinnteacht agus intuarthacht a choinneáil ar bun do mhonaróirí agus d'infheisteoirí i slabhra luacha na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha;
- (5) faisnéis chomhchuibhithe do thomhaltóirí a thabhairt isteach, lena n-áirítear le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Rachaidh an teaghlaim roghanna ab fhearr i dtaca le spriocanna agus solúbthachtaí CO₂ chun tairbhe do mhonaróirí sa tréimhse 2030-2034. Chomh maith leis sin, agus na spriocanna 100 % le haghaidh 2035 á gcoinneáil ar bun aici, feabhsaíonn sí neodracht theicneolaíoch trí aitheantas a thabhairt do ról na OVC-HEVanna, na mbreoslaí in-athnuaite inbhuanaithe agus na cruach ísealcharbóin i ndiaidh 2035. Spreagfaidh sé sin infheistíochtaí leanúnacha i dteicneolaíochtaí nach gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha iad agus forbairt na dteicneolaíochtaí sin. D'fhéadfadh na teicneolaíochtaí sin a bheith úsáideach do chásanna úsáide sonracha agus/nó d'idirthréimhse, agus d'fhéadfaidís tacú le hiomaíochas roinnt monaróirí Eorpacha i margaí eile freisin. Mar a léirítear sa mheasúnú, is teoranta iad impleachtaí fuinnimh agus aeráide na rogha beartais ab fhearr, go háirithe mar gheall ar na coimirce ionsuite. I bhfianaise an mhéid sin, tá an tionscnamh comhsheasmhach le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050, le sprioc aeráide 2030 agus leis an dul chun cinn maidir le hoiriúnú.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Sainaithníodh na táscairí seo a leanas: (measúnú tionchair)

- Déanfar faireachán ar mheánastaíochtaí CO₂ fhlít an Aontais ó ghluaisteáin nua agus ó veaineanna nua go bliantúil in aghaidh na feithicle, an mhonaróra agus an Bhallstáit;
- Déanfar faireachán ar astaíochtaí GCT ó ghluaisteáin agus ó veaineanna trí fhardail bhliantúla astaíochtaí GCT na mBallstát;
- Déanfar faireachán ar líon agus ar chion na bhfeithiclí nuachláráithe astaíochtaí nialasacha agus ísle trí na sonraí faireacháin bliantúla a chuireann na Ballstáit isteach;
- Déanfar faireachán ar an leibhéal fostaíochta ar bhonn staidrimh Eurostat atá ar fáil go poiblí i dtaobh sonraí fostaíochta na hearnála san Aontas.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart¹²
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm don togra leasaitheach módúlachtaí breise a sholáthar do mhonaróirí a mhéid a bhaineann leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO₂ a comhlíonadh, agus an uaillmhian fhoriomlán maidir leis na spriocanna laghdaithe CO₂ a chumhdaítear i ndlí an Aontais a choinneáil ar bun san am céanna.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide, nach féidir a réiteach le gníomhaíochtaí náisiúnta nó áitiúla amháin. Is gá an gníomhú ar son na haeráide a chomhordú ar an leibhéal Eorpach agus tá údar le gníomhaíocht ón Aontas ar fhorais na coimhdeachta. Ós rud é gur gá Rialachán (AE) 2019/631 a mhodhnú trí mhódúlachtaí breise a sholáthar a mhéid a bhaineann leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO₂ a chomhlíonadh, ní féidir leis na Ballstáit leo féin cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach.

¹² Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Leis an togra, cuirtear le reachtaíocht atá ann cheana lenar áirithíodh laghduithe leanúnacha ar astaíochtaí CO₂ ó fhlít gluaisteán nua agus feithiclí tráchtála éadroma nua an Aontais le 10 mbliana anuas.

